



Athrú Aeráide - Moltaí don Shuirbhé

Céard is athrú aeráide ann?

Ag brath ar aois agus ar chumas do chuid daltaí, d'fhéadfá an cheist sin a chur ar bhealaí difriúla:

- Ar chuala tú faoi 'athrú aeráide' riamh?
- Nuair a chloiseann tú an frása 'athrú aeráide', cé na híomhánna nó na focail a thagann isteach i do cheann? Sna ranganna sóisearacha d'fhéadfá iarraidh ar na páistí pictiúir a dhéanamh de na rudaí a chuireann athrú aeráide i gcuimhne dóibh.
- Céard é 'athrú aeráide' duitse?
- An féidir leat 'athrú aeráide' a mhíniú?

An bhfuil sé ag tarlú?

- Cathain a bheidh tionchar ag athrú aeráide ar an Domhan?
 - Anois
 - Go luath
 - I gceann céad bliain eile
 - I gceann míle bliain eile
 - Ní bheidh tionchar ar an Domhan choíche

Cúiseanna

- Ainmnigh trí ní is cúis leis an 'athrú aeráide'.

Tionchair

- Ainmnigh trí bhealach a mbeidh tionchar ag athrú aeráide ar an Domhan.

Ábhar Buartha

- Cé chomh buartha is atá tú faoi athrú aeráide?
 - Nílim buartha
 - Beagán buartha
 - Nílim cinnte
 - Sách buartha
 - An-bhuartha

Gníomh

- Ainmnigh trí ní a d'fhéadfadh daoine a dhéanamh le níos mó athrú aeráide a chosc.
- Ainmnigh trí ní a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh le níos mó athrú aeráide a chosc.

Eolaíocht

- Cén difríocht atá idir aimsir agus aeráid?
- Ainmnigh gás ceaptha teasa.
- Céard as a dtagann an gás ceaptha teasa sin?
- Céard í an iarmhairt cheaptha teasa?
- Déan cur síos ar théamh domhanda.
- Céard is athrú aeráide ann?
- Ainmnigh foinse fuinnimh neamh-inathnuaithe.
- Ainmnigh foinse fuinnimh in-athnuaithe.
- Conas a athraíonn aeráid an Domhain go nádúrtha thar am?
- Cá bhfios d'eolaithe go bhfuil athrú aeráide á méadú ag daoine?

Féach ar an íomhá thíos; céard atá na daoine ag iarraidh a dhéanamh/nó a thaispeáint, an dóigh leat?



Éacht 'Ná dún do shuíle' Stop Anord Aeráide, Dumhach Thrá, Iúil 2015.